2018. M99T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2018

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

### RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS DHÉANACH, 1815-1993

**An scrúdú scríofa: 400 marc**
**An Tuarascáil ar an Staidéar Taighde a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

### DÉ CÉADAOIN, 13 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00-4.50

***Treoracha d'iarrthóirí:***
Tabhair faoi na Ranna 1, 2 agus 3 istigh a fhreagairt.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 6)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5.
Freagair ceist amháin as topaic amháin.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as gach ceann de dhá thopaic.

# ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
***Tionchar RTÉ, 1962-1972***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos:

1. (a) I ndoiciméad A, cén topaic a pléadh ar an gclár teilifíse?

   (b) I ndoiciméad A, cén treoir a thugann Lemass dá rúnaí?

   (c) Cén post a bhí ag scríbhneoir dhoiciméad B?

   (d) De réir dhoiciméad B, cén sórt duine ab ea Michael Hilliard? (20)

2. (a) Cad iad na cáintí a dhéanann Lemass faoi RTÉ sna doiciméid seo? Mínigh do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

   (b) An dtugann an dá dhoiciméad le tuiscint gur shíl Lemass gur chóir go dtacódh RTÉ leis an rialtas i gcónaí? Mínigh do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad. (20)

3. (a) An dtugann an dá dhoiciméad le tuiscint gur cheannaire láidir é Lemass? Tabhair fáthanna le do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

   (b) An léiríonn an dá dhoiciméad go mbaineann luach le hábhar beathaisnéiseach mar fhoinse staire? Mínigh do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad. (20)

4. Le linn na tréimhse 1962-1972, cé chomh mór agus a thug RTÉ idir shiamsaíocht agus dúshlán dá lucht féachana? (40)

**- Doiciméad A -**

**Seo sliocht coimrithe as nóta ina dtugann an Taoiseach Seán Lemass treoir do rúnaí a Roinne.**

Tráthnóna aréir, bhí plé ar Thelefís Éireann maidir leis an Dara Clár um Fhorleathnú Eacnamaíoch. Rinneadh cáintí lena linn agus bhí cuid acu míthreorach, ní áirím iad a bheith gan fuaimint agus míthairbheach.

Is mian liom go rachfaí i dteagmháil le hÚdarás RTÉ, lena fhiafraí cad atá beartaithe acu a dhéanamh le gur féidir na cáintí agus an mhífhaisnéis sin a cheartú.

Ba chóir go mbeadh sé mar fheidhm ag RTÉ sa chúram seo, go príomha, tacú leis an gClár, seachas cáineadh air a éascú; agus, gan aon agó, ní féidir cáineadh a scaoileadh tharainn gan fhreagairt.

Má chuireann an tÚdarás ina choinne sin ar bhealach ar bith, cuir é sin in iúl dom, le do thoil, agus déileálfaidh mé féin leis.

Foinse: Tom Garvin, *Judging Lemass* (Baile Átha Cliath, 2009).

**- Doiciméad B -**

**Sa sliocht coimrithe seo óna bheathaisnéis, tráchtann León Ó Broin, rúnaí na Roinne Poist agus Teileagraf (1948-1967), ar an gcur chuige a bhí ag Lemass maidir le RTÉ.**

Bhí bagairt ann ón tús go mbeadh Lemass cáinteach faoi Thelefís Éireann, ní faoi na cláir féin ach faoi dhearcadh Údarás RTÉ i leith polasaí poiblí.

Chuir sé an méid sin in iúl go soiléir do Michael Hilliard, an tAire Poist agus Teilegraf (1959-1965), a mbíodh an chosúlacht air go mbuaileadh scanradh é aon uair a ghlaodh Lemass air ar an teileafón agus go dtarlaíodh sé go mbínn féin sa seomra. Táim den tuairim go mbíodh Lemass 'ag basaíocht' ar chuid dá chomhghleacaithe agus gur fágadh fear ciúin mar Hilliard gan focal as nuair a dúradh leis, mar shampla, go raibh an tuiscint a bhí ag an Údarás ar a neamhspleáchas ón rialtas imithe chomh fada sin as riocht go raibh sí dofhulaingthe.

D'áitigh Lemass nár bhunaigh an rialtas an tseirbhís teilifíse ar mhaithe le poiblíocht a thabhairt do cháintí ar pholasaí náisiúnta, ná chun spreagadh a thabhairt dóibh siúd a bhí ag cur ina choinne; agus chaithfí a thuiscint gurbh ionann an polasaí náisiúnta agus pé polasaí a chinnfeadh an rialtas a bhí i réim ag an am. Níor mhór do Thelefís Éireann tacú go hiomlán le polasaí an rialtais agus ní bheadh aon leisce air comhdhéanamh Údarás RTÉ a athrú lena chinntiú gur mar sin a bheadh.

Foinse: León Ó Broin, *Just Like Yesterday* (Baile Átha Cliath, 1986)

# ROINN 2: ÉIRE

**Freagair ceist amháin as ceann amháin de na topaicí thíos.**

*Éire: Topaic 1*

**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh héifeachtach agus a bhí freagairtí rialtais agus/nó freagairtí príobháideacha don Ghorta Mór? (100)
2. Ón staidéar atá déanta agat ar na feachtais ar son Fhuascailt na gCaitliceach agus Aisghairm an Aontais, cad a d'fhoghlaim tú faoi Ó Conaill mar cheannaire polaitiúil? (100)
3. Cad a chuir beirt díobh seo a leanas le saol na hÉireann: An Mháthairab Mary Aikenhead; William Carleton; William Dargan? (100)
4. Cad a chuir gluaiseacht Éire Óg agus/nó an Fíníneachas le náisiúnachas na hÉireann? (100)

*Éire: Topaic 2*

**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tábhacht a bhain le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: corraíl faoi chúrsaí talún agus leasú chóras na talún; gluaiseacht na gcomharchumann; forbairt thionsclaíoch i mBéal Feirste? (100)
2. An aontófá go raibh an méid ar éirigh le Charles Stewart Parnell a bhaint amach agus an méid ar theip air suntasach araon? Mínigh do fhreagra. (100)
3. Cad a chuir James Connolly agus/nó James Larkin le gluaiseacht lucht oibre na hÉireann? (100)
4. Sa tréimhse 1870-1914, cén ról a bhí ag beirt díobh seo a leanas maidir le féiniúlacht na hÉireann a mhúnlú: Cumann Lúthchleas Gael; Dubhghlas de hÍde; W.B. Yeats? (100)

*Éire: Topaic 3*

**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a d'fhorbair gluaiseacht Shinn Féin sa tréimhse 1912-1923? (100)
2. Cén fáth ar ghabh conspóid le hidirbheartaíocht agus le téarmaí an Chonartha Angla-Éireannaigh, 1921? (100)
3. Sa tréimhse 1922-1945, cé chomh héifeachtach agus a bhí rialtais Mhic Cosgair agus de Valera araon agus iad ag déileáil le bagairtí do shlándáil an stáit? (100)
4. Sa tréimhse 1922-1949, cé chomh maith agus a d'éirigh le hiarrachtaí sochaí Ghaelach agus Chaitliceach a dhéanamh d'Éirinn neamhspleách? (100)

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth a raibh meon frith-Éireannach sa Bhreatain agus sna Stáit Aontaithe araon sa naoú haois déag? (100)
2. Cé chomh mór agus a rinneadh fórsa idirnáisiúnta de náisiúnachas na hÉireann nó d'aontachtas Uladh faoin mbliain 1922? (100)
3. Cén ról a bhí ag an Eaglais Chaitliceach i ndiaspóra na hÉireann? (100)
4. Conas a chuir íomhánna Éireannacha a cruthaíodh trí scannán agus trí cheol leis an mborradh i gcúrsaí turasóireachta agus oidhreachta? (100)

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Le linn na tréimhse 1949-1969, cén tábhacht a bhain leis na forbairtí i gcúrsaí oideachais, tithíochta agus sláinte i dTuaisceart Éireann? (100)
2. An aontófá gur theip ar Terence O'Neill agus/nó ar Brian Faulkner mar cheannaire polaitiúil? Áitigh do chás. (100)
3. Conas a bhris "na Trioblóidí" amach i 1969 agus cén fáth ar mhair siad chomh fada sin? (100)
4. Conas a tharraing beirt díobh seo a leanas conspóid: Printísigh Dhoire; gníomhréim Bernadette Devlin; Margaret Thatcher agus Tuaisceart Éireann? (100)

# ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

**Freagair ceist amháin as gach ceann de dhá cheann de na topaicí thíos.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Sa tréimhse 1815-1848, cad ab ea córas Metternich agus cé chomh mór agus a bhí sé ina chóras chun srian a choinneáil ar athruithe? (100)
2. Sa tréimhse 1815-1871, cé acu duine, Mazzini nó Bismarck, is fearr ar éirigh leis a thír a chur i dtreo na haontachta? Áitigh do chás, agus tagairt agat don bheirt. (100)
3. Cad iad na príomhfhorbairtí a tharla i gcúrsaí talmhaíochta agus i gcúrsaí tionsclaíochta, 1815-1871? (100)
4. Sa tréimhse 1815-1871, cad a chuir Baron Haussmann agus/nó Victor Hugo leis an saol sa Fhrainc? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhí in Bismarck mar Sheansailéir na Gearmáine? (100)
2. Conas a chuir idir ghéarchéim eacnamaíochta agus tionchar cogaidh le cliseadh na Rúise in aimsir na Sár? (100)
3. Conas a chuir teannas idirnáisiúnta le briseadh amach an Chéad Chogadh Domhanda nó conas a bhac sé an Socrú Síochána ag deireadh an Chéad Chogadh Domhanda? (100)
4. Conas a d’fhorbair cúrsaí tionsclaíochta san Eoraip, 1871-1918, agus conas a chuaigh an fhorbairt sin i gcion ar an tsochaí? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a bhain Hitler agus an páirtí Naitsíoch lánchumhacht amach ar an nGearmáin sa tréimhse 1920-1938? (100)
2. Cad iad na fadhbanna a bhí ag an bhFrainc sna blianta 1920-1945, agus cé chomh maith agus a réitíodh iad? (100)
3. Cé chomh héifeachtach agus a bhí Winston Churchill nó Iósaf Stailín mar cheannaire le linn an Dara Cogadh Domhanda? (100)
4. Cad a chuir duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas le cúrsaí cineama: Charlie Chaplin; Leni Riefenstahl; Bing Crosby? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth, agus cé chomh mór, is a ghluais an Eoraip i dtreo na haontachta sna blianta 1945-1973? (100)
2. Cad ba chúis le roinnt na Gearmáine ag deireadh an Dara Cogadh Domhanda agus conas a tharla sé go raibh Beirlín mar lárphointe teannais fad a bhí an Cogadh Fuar ar siúl? (100)
3. Cén fáth ar tharla Éirí Amach san Ungáir in 1956 agus cén fáth ar thug an tAontas Sóivéadach céimeanna chun é a bhrú faoi chois? (100)
4. Conas ar thug beirt díobh seo a leanas dúshlán tuairimí a raibh glacadh forleathan leo: Alexander Solzhenitsyn; Simone de Beauvoir; John Lennon? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na cúiseanna agus na torthaí a bhain le tarraingt na Breataine as an India? (100)
2. Cad iad na fadhbanna a bhí mar thoradh ar tharraingt ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas ón Afraic: an Bhreatain; an Bheilg; an Phortaingéil? (100)
3. Conas a chuir cailleadh a himpireachta ag an bhFrainc leis an méadú ar theannas idir ciníocha sna 1980idí? (100)
4. Cén bunús a bhí leis an gcoimhlint idir na hArabaigh agus Iosrael agus conas a tháinig Iosrael slán ó na bagairtí deireadh a chur leis sa tréimhse 1945-1956? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh héifeachtach agus a chuaigh an tUachtarán Harry Truman i ngleic leis na fadhbanna a bhí aige sa bhaile agus thar lear? (100)
2. Cén tábhacht, don dá thír, a bhí leis an mbaint a bhí ag SAM le Vítneam? (100)
3. Cad a chuir Marilyn Monroe agus/nó Billy Graham le saol Mheiriceá? (100)
4. Sa tréimhse 1945-1989, cén tábhacht a bhain leis an dul chun cinn a rinneadh sa spástaisteal agus i dteicneolaíocht na faisnéise? (100)

Leathanach Bán